Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2024
(OR. en)

6818/24
PV CONS 6
AG 39

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

20 Feabhra 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6613/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 6673/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 6674/24

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. Athbhreithniú ar an Treoir athbhreithnithe maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (MiFID II)** ❶C 6166/24 + ADD 1, PE 62/23, EF

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 14 Feabhra 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 53(1) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**2. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (MiFIR)** ❶C 6167/24 + ADD 1, PE 63/23, EF

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas COREPER, Cuid 2, an 14 Feabhra 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | **Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Iorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Iorua i réimse CBL**<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas COREPER, Cuid 2, an 14 Feabhra 2024 | S C | 16532/23<br>16398/23<br>16404/23<br>FISC |

Ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Comhaontaithe, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air in 16398/23.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Feabhra 2024 | S C | 6011/24<br>6551/23<br>EJUSTICE |

Ghlac an Chomhairle an gníomh, tar éis an toilithe a tugadh an 22 Samhain 2023, i gcomhréir le hAirteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Gnóthaí Eachtracha

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | **Rialachán maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus atá bainteach leis (códú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 14 Feabhra 2024 | ❶ C | 6169/24<br>PE-CONS 39/23<br>CODIF<br>COMER |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

An margadh inmheánach agus an tionsclaíocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 14 Feabhra 2024 | ❶C | 6159/24 + ADD 1<br>PE-CONS 64/23<br>+ **COR 1 (lv)**<br>CONSOM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Fostaíocht agus beartas sóisialta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (Airteagal 19)**<br>*Comhaontú i bprionsabal*<br>*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 14 Feabhra 2024 | SC | 6065/24<br>10788/1/23 REV 1<br>SOC |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú i bprionsabal maidir le téacs na Treorach mar a leagtar amach in 10788/1/23 REV 1 é agus chinn sí toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis an téacs sin.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024:<br>Dréachtchlár oibre anótáilte<br>*Seisiún tuairimíochta* | 5663/24 |
| 4. | An smacht reachta sa Pholainn: Airteagal 7, mír 1, CAE (togra réasúnaithe)<br>*Staid na himeartha* | |
| 5. | Aon ghnó eile | |

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 6674/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Athbhreithniú ar an Treoir athbhreithnithe maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (MiFID II)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Thacaigh Poblacht na Seice riamh le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt a thuilleadh agus i ndáil leis sin, chuir sí muinín, i measc nithe eile, san athbhreithniú ar na rialacha maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais. Fíoraíodh, go pointe, an aisling a bhí againn. Mar shampla, leis an gcomhréiteach críochnaitheach tugadh isteach teilitéip chomhdhlúite lena ndéantar cosaint ar ionaid trádála níos lú. Thairis sin, tá roinnt feabhsuithe tugtha isteach lena maolaítear an t-ualach riaracháin iomarcach a bhí ar rannpháirtithe sa mhargadh, ualach nach raibh údar leis. Is mór againn na leasuithe sin.

Ar an lámh eile, is é an tuairim atá againn nach bhfuil an comhréiteach críochnaitheach comhréireach go leor a mhéid a bhaineann le trédhearcacht mhargadh na mbannaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le teorannú trádála agus liostú bannaí corparáideacha ar mhargaí nach bhfuil chomh leachtach céanna. Sa chomhthéacs sin, chuir Poblacht na Seice in iúl go raibh an-imní uirthi agus sonraí maidir lena margadh bannaí mar bhonn don imní sin, agus chuir sí fainic faoin rialáil iomarcach.

Mar sin féin, níor tugadh aon aird ar an imní sin ná ar an bhfainic sin. Is ar leibhéal I a socraíodh struchtúr iomlán na-iarchur sin ar iarrchuir gearr go leor iad, rud nach dtugann an tsolúbthacht is gá do ESMA chun iarchuir a choigeartú, má tharlaíonn an méid a bhfuil imní orainn faoi. D'fhéadfadh sé seo tionchar díobhálach a bheith aige, ní hamháin ar mhargadh bannaí na Seice, ach ar na margaí eile sin de chuid na mBallstát a bhfuil leachtacht chomhchosúil acu.

Ina theannta sin, mar gheall ar an toirmeasc ar an íocaíocht i leith sreabhadh orduithe (PFOF), is ar inrochtaineacht trádála scaireanna do chliaint an Aontais is mó a chuirfidh an comhréiteach sin teorainn shuntasach. Anuas air sin, leis an toirmeasc, mar atá sé faoi láthair, coiscfear ar inmheánaitheoirí córasacha nó ar sholáthraithe leachtachta AE nó neamh-AE aon lascaine a thairiscint do mhiondíoltóirí agus do roinnt gairmithe.

Dá bhrí sin, mar thoradh ar an bhforáil seo, a áiríodh chun teorainn a chur le cleachtas amhrasach, ní dhearnadh ach srian a chur ar fhorghníomhú orduithe ar ionaid trádála AE nó neamh-AE, beag beann ar na rialacha um dhea-fhorghníomhú agus ar an gcostas a íocann gairmithe miondíola nó gairmithe áirithe.

Ar deireadh, is maith a thuigeann Poblacht na Seice na dúshlán go léir a bhí ann sular thángthas ar an gcomhréiteach seo, ó thaobh an nós imeachta de, agus ba mhór an díol sásaimh di tuilleadh plé a bheith déanta ar shaincheisteanna áirithe sa Chomhairle agus measúnú a bheith déanta i dteannta a chéile ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na réitigh a breithníodh.

Ós rud é go n-aithnímid go ndearnadh roinnt athruithe dearfacha ar an togra, agus an pictiúr mór á chur san áireamh, tá sé socraithe againn go dtacóimid leis an gcomhad.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (MiFIR)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Thacaigh Poblacht na Seice riamh le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt a thuilleadh agus i ndáil leis sin, chuir sí muinín, i measc nithe eile, san athbhreithniú ar na rialacha maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais. Fíoraíodh, go pointe, an aisling a bhí againn. Mar shampla, leis an gcomhréiteach críochnaitheach tugadh isteach teilitéip chomhdhlúite lena ndéantar cosaint ar ionaid trádála níos lú. Thairis sin, tá roinnt feabhsuithe tugtha isteach lena maolaítear an t-ualach riaracháin iomarcach a bhí ar rannpháirtithe sa mhargadh, ualach nach raibh údar leis. Is mór againn na leasuithe sin.

Ar an lámh eile, is é an tuairim atá againn nach bhfuil an comhréiteach críochnaitheach comhréireach go leor a mhéid a bhaineann le trédhearcacht mhargadh na mbannaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le teorannú trádála agus liostú bannaí corparáideacha ar mhargaí nach bhfuil chomh leachtach céanna. Sa chomhthéacs sin, chuir Poblacht na Seice in iúl go raibh an-imní uirthi agus sonraí maidir lena margadh bannaí mar bhonn don imní sin, agus chuir sí fainic faoin rialáil iomarcach.

Mar sin féin, níor tugadh aon aird ar an imní sin ná ar an bhfainic sin. Is ar leibhéal I a socraíodh struchtúr iomlán na-iarchur sin ar iarrchuir gearr go leor iad, rud nach dtugann an tsolúbthacht is gá do ESMA chun iarchuir a choigeartú, má tharlaíonn an méid a bhfuil imní orainn faoi. D'fhéadfadh sé seo tionchar díobhálach a bheith aige, ní hamháin ar mhargadh bannaí na Seice, ach ar na margaí eile sin de chuid na mBallstát a bhfuil leachtacht chomhchosúil acu.

Ina theannta sin, mar gheall ar an toirmeasc ar an íocaíocht i leith sreabhadh orduithe (PFOF), is ar inrochtaineacht trádála scaireanna do chliaint an Aontais is mó a chuirfidh an comhréiteach sin teorainn shuntasach. Anuas air sin, leis an toirmeasc, mar atá sé faoi láthair, coiscfear ar inmheánaitheoirí córasacha nó ar sholáthraithe leachtachta AE nó neamh-AE aon lascaine a thairiscint do mhiondíoltóirí agus do roinnt gairmithe.

Dá bhrí sin, mar thoradh ar an bhforáil seo, a áiríodh chun teorainn a chur le cleachtas amhrasach, ní dhearnadh ach srian a chur ar fhorghníomhú orduithe ar ionaid trádála AE nó neamh-AE, beag beann ar na rialacha um dhea-fhorghníomhú agus ar an gcostas a íocann gairmithe miondíola nó gairmithe áirithe.

Ar deireadh, is maith a thuigeann Poblacht na Seice na dúshlán go léir a bhí ann sular thángthas ar an gcomhréiteach seo, ó thaobh an nós imeachta de, agus ba mhór an díol sásaimh di tuilleadh plé a bheith déanta ar shaincheisteanna áirithe sa Chomhairle agus measúnú a bheith déanta i dteannta a chéile ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na réitigh a breithníodh.

Ós rud é go n-aithnímid go ndearnadh roinnt athruithe dearfacha ar an togra, agus an pictiúr mór á chur san áireamh, tá sé socraithe againn go dtacóimid leis an gcomhad.'

**<u>Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':</u>**

**Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Is féidir leis an Ostair glacadh leis an gcomhréiteach seo.

Tugtar faoi deara go gcuirfear toirmeasc amach anseo, leis an leasú ar Threoir 2005/29/CE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, ar chleachtais iad a bhaineann le maímh mhíthreoracha chomhshaoil agus lipéid inbhuanaitheachta nach bhfuil deimhnithe nó nár bhunaigh údarás poiblí.

I gcomhthéacs ghlacadh na Treorach atá i gceist sa chás seo, tugann an Ostair le fios go bhfuil forluí suntasach ann leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Maímh Ghlasa, atá á caibidil go comhuaineach. Tá gá fós le simpliú agus le cuíchóiriú suntasach ina leith sin. Ina theannta sin, is oth leis an Ostair nár thíolaic an Coimisiún Eorpach measúnú tionchair nua go fóill in ainneoin roinnt iarrataí chuige sin, ós rud é go bhfuil athrú tagtha ar an staid bhonnlíne anois agus gur cheart prionsabail na rialála níos fearr a chur san áireamh.'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE**

'Tacaíonn Poblacht na Slóvaice le cuspóirí an togra, is é sin, cosaint tomhaltóirí a neartú agus tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú digiteach agus glas. Mar sin féin, leis an gcomhaontú críochnaitheach, tugtar isteach go leor oibleagáidí nua ar thrádálaithe nach bhfuil tairbhí leordhóthanacha maidir le cosaint tomhaltóirí ag gabháil leo.

Is díol sásaimh don tSlóvaic na tionscnaimh uile a bhfuil sé mar aidhm leo faisnéis níos soiléire agus níos cuimsithí a chur ar fáil do thomhaltóirí ionas gur féidir leo cinneadh feasach ceannaigh a dhéanamh, agus tacaíonn sí leis na tionscnaimh sin. Leis an gcomhaontú críochnaitheach, tugtar isteach ceanglas nua faisnéise faoin Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, faoina bhfuil sé d'oibleagáid ar thrádálaithe, a úsáideann formáid ghrafach chomhchuibhithe, tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi ráthaíocht tráchtála a bheith ann agus faoi shonraí na ráthaíochta sin, más ábhartha, agus faoin ráthaíocht dhlíthiúil is infheidhme. Measann an tSlóvaic go bhfuil an oibleagáid sin díréireach agus tá sí den tuairim go bhféadfaí an fhaisnéis sin a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach eile nach mbeadh an t-ualach céanna ag baint leis.'